2025/2534

15.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2534 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8752)

(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair, tá baol suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, crios srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415, maidir leis an gcrios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, atá le bunú ag an Rómáin, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh an crios sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, go bhfuil na criosanna sin le cur i bhfeidhm ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 (IO L, 2025/2415, 28.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2415/oj).

(4) Ó bhí lá glactha Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415 ann, tá fógra tugtha ag an Rómáin don Choimisiún faoi dhá ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair i gcontae Teleorman atá lasmuigh de criosanna cosanta agus faireachais a liostaítear cheana san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415.

(5) Dá bhrí sin, an crios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais sa Rómáin, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415, ba cheart iad a choigeartú, ó thaobh spáis de agus ó thaobh ama de, chun leathadh breise an ghalair i gcríoch na Rómáine agus chuig an gcuid eile den Aontas a chosc. Ina theannta sin, i bhfianaise na mbreithnithe sin, nuair a chuirtear i bhfeidhm iad ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair maidir leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin, is gá crios srianta breise a bhunú i gcontaetha Teleorman, Olt agus Dolj toisc gurb iad na contaetha faoi láthair ina bhfuil leibhéal níos airde riosca leata, chun leathadh breise an ghalair a chosc.

(6) Tá méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar sa Bhallstát lena mbaineann an galar sin, mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair, agus tá siad i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Cuirtear caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh ([5]).

(7) Ina theannta sin, sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá ardriosca ann go leathfaidh an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a thuilleadh, laistigh den Rómáin agus chuig an gcuid eile den Aontas, go háirithe ós rud é, de réir na faisnéise a chuir an Rómáin ar fáil, go bhfuil an galar sin ag tarlú arís i limistéar a bhí buailte roimhe seo, gan mórán faisnéise faoi thionscnamh na ráige agus faoin leathadh a d'fhéadfadh a bheith ann idir na ráigeanna, rud a léiríonn go bhféadfadh sé gur scaipeadh an galar cheana féin i limistéir eile den Rómáin, gan bhrath agus gan aon bheart sriantach i bhfeidhm chun a leathadh a chosc nó a mhoilliú.

(8) Dá bhrí sin, is gá bearta éigeandála breise a ghlacadh chun an riosca go leathfadh an galar a thuilleadh laistigh de chríoch na Rómáine agus chuig Ballstáit eile a mhaolú, agus chun aon bhacainní gan údar ar thrádáil a sheachaint. Chuige sin, is gá a áirithiú go mbeidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise, arna mbunú i gcríoch na Rómáine, chuig cinn scríbe lasmuigh d'imlínte seachtracha an chreasa shrianta bhreise, go dtí an 23 Nollaig 2025.

(9) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, is gá freisin na limistéir i gcríoch na Rómáine a shainaithint inar cheart feidhm a bheith ag bearta breise amhail na bearta sin is infheidhme maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus ina mbeidh gluaiseachtaí ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair lasmuigh d'imlínte seachtracha na limistéar sin a thoirmeasc, ón 24 Nollaig 2025 go dtí an 31 Eanáir 2026.

(10) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus i bhfianaise an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair sin a thuilleadh ó bhunaíochtaí atá buailte sa Rómáin go codanna eile den Bhallstáit sin nó go dtí aon Bhallstát eile, is iomchuí go mbeadh feidhm ag na bearta éigeandála a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

([5]) 5. https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2415 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 1 agus 2:

'*Airteagal 1*

Déanfaidh an Rómáin an méid seo a leanas:

(a) bunófar criosanna srianta lena gcuimsítear criosanna cosanta, criosanna faireachais agus crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin;

(b) cuimseofar sna criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sin ar a laghad na limistéir a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus cuirfear i bhfeidhm na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sin ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Cuirfidh an Rómáin toirmeasc, go dtí na dátaí a leagtar amach le haghaidh na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise faoi seach in Iarscríbhinn I, ar an méid seo a leanas:

(a) gluaiseachtaí caorach agus gabhar ó na criosanna cosanta agus faireachais chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach creasa shrianta breise atá díreach timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais sin; agus

(b) gluaiseachtaí caorach agus gabhar ó chrios srianta breise chuig aon cheann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta breise.'

2. Cuirtear an tAirteagal 2 a a leanas isteach:

'*Airteagal 2a*

Cuirfidh an Rómáin na bearta is infheidhme i bhfeidhm maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sna limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus go dtí na dátaí a leagtar amach ann.

Maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach ó na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, beidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí den sórt sin chuig aon cheann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach na limistéar sin go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.'

3. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Cuid A: Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe

An réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Contae Dolj RO-CAPRIPOX-2025-00024	Crios cosanta: Those parts of Dolj county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.880631, Long. 23.706794 (2025/24).	9.12.2025
	Crios faireachais: Those parts of Dolj county, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.880631, Long. 23.706794 (2025/24), excluding the areas contained in the protection zone.	18.12.2025
	Crios faireachais: Those parts of Dolj county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.880631, Long. 23.706794 (2025/24).	10.12.2025 – 18.12.2025
Contae Teleorman RO-CAPRIPOX-2025-00025 RO-CAPRIPOX-2025-00026 RO-CAPRIPOX-2025-00027	Crios cosanta: Those parts of Teleorman county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.810743, Long. 25.373924 (2025/25); Lat. 43.758, Long 24.894 (2025/26); Lat. 44.063 Long. 24.815 (2025/27).	14.12.2025
	Crios faireachais: Those parts of Teleorman county, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.810743, Long. 25.373924 (2025/25), Lat. 43.758, Long 24.894 (2025/26); Lat. 44.063 Long. 24.815 (2025/27); excluding the areas contained in the protection zone.	23.12.2025
	Crios faireachais: Those parts of Teleorman county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.810743, Long. 25.373924 (2025/25); Lat. 43.758, Long 24.894 (2025/26); Lat. 44.063 Long. 24.815 (2025/27).	15.12.2025 – 23.12.2025

Cuid B: Criosanna srianta breise

Crios srianta breise	Réigiún	Limistéir a áirítear sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Crios srianta breise Uimh. 1	**Contae Teleorman**	The entire Teleorman, Dolj and Olt counties, excluding the areas included in any protection or surveillance zone	23.12.2025
	Contae Dolj		
	Contae Olt		

IARSCRÍBHINN II

Limistéir	Réigiún	Limistéir, dá dtagraítear in Airteagal 2a	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Limistéar Uimh. 1	**Contae Teleorman**	The entire Teleorman, Dolj and Olt counties.	24.12.2025 – 31.1.2026’
	Contae Dolj		
	Contae Olt		